Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8745/23**

**CO EUR-PREP 12**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (29 agus 30 Meitheamh 2023)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach ar tharla le déanaí maidir leis an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin. Déanfaidh sé athbhreithniú freisin ar gach gné d'fhreagairt an Aontais, chomh maith lena tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach ilghnéitheach don Úcráin agus dá muintir.

## II. CÚRSAÍ GEILLEAGAIR

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach obair leantach ar a conclúidí maidir leis an mbeartas tionsclaíoch agus maidir leis an margadh aonair agus iomaíochas agus táirgiúlacht fhadtéarmach na hEorpa. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh sí dá haire an tuairisciú ó Uachtaránacht na Comhairle agus ón gCoimisiún, a iarradh i mí an Mhárta 2023. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh freisin ar shlándáil agus athléimneacht eacnamaíoch an Aontais.

Pléifidh an Chomhairle Eorpach an staid eacnamaíoch agus beidh seisiún tuairimíochta aici maidir le hathchóiriú an rialachais eacnamaíoch.

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach na moltaí tírshonracha comhtháite a fhormhuiniú agus Seimeastar Eorpach 2023 a thabhairt i gcrích.

## III. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Breithneoidh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir le slándáil agus cosaint. Tabharfaidh sé tuilleadh treorach maidir le hacmhainneacht slándála agus chosanta an Aontais, go háirithe maidir le soláthar, infheistíocht agus táirgeadh.

Ina theannta sin, pléifidh an Chomhairle Eorpach an comhar idir an tAontas agus ECAT, lena n-áirítear an comhar a dhéanfar in oirchill Chruinniú Mullaigh ECAT i Vilnias.

## IV. CAIDREAMH SEACHTRACH

Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an tSín.

Ullmhóidh an Chomhairle Eorpach an cruinniú mullaigh atá ar na bacáin idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh.

I bhfianaise a dtarlóidh, féadfaidh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.

## V. ÁBHAIR EILE

Cuirfidh Uachtaránacht na Comhairle agus an Coimisiún an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí le déanaí maidir leis an imirce.

Cuirfidh Uachtarán na Comhairle an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin bpróiseas ionsar Chlár Oibre Straitéiseach 2024-2029.